

Miontuairiscí

Cruinniú den Toscaireacht, ag an gComhairle Ealaíon, 70 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2

2pm – 4pm 9 Márta 2020

I láthair

Anne Haverty, Deirdre Kinahan, Enda Wyley, Geraldine O'Reilly, Gerard Smyth, Grainne Mulvey, Mary O'Donnell, Theo Dorgan

Leithscéal ó

Michael Holohan, Eamon Colman

Ag an gcruinniú

Karen Hennessy (Cláraitheoir Aosdána)

Fáilte

D'fháiltigh an Cláraitheoir roimh an Toscaireacht nua.

Ceapachán an Chathaoirligh

Mhol Theo Dorgan go leanfadh Anne Haverty ar aghaidh mar Chathaoirleach. Thacaigh Geraldine O'Reilly leis. Rinne Anne Haverty Cathaoirleacht ar an gcruinniú.

Miontuairiscí agus nithe ag éirí astu

Mhol Anne Haverty na miontuairiscí agus thacaigh Theo Dorgan leo. Níor éirigh aon ní astu.

Rinneadh pointe faisnéise maidir le feidhm na Toscaireachta. Is í an Toscaireacht Grúpa Stiúrtha Aosdána agus ní Coiste Feidhmiúcháin í. Dá réir sin ní mór gach cinneadh mór a bheith daingnithe ag an mballraíocht ag an gComhthionól Ginearálta.

Lean plé ar lámhleabhar Aosdána. Is gá athbhreithniú a dhéanamh ar an lámhleabhar. Táthar ag obair ar na sonraí faoi bhunú Aosdána faoi láthair trí ghrúpa oibre Aosdána/na Comhairle Ealaíon agus cuirfidh sé sin leis an lámhleabhar nua. Cuirfidh an Cláraitheoir cóip den lámhleabhar reatha ar taifead ar aghaidh chuig gach ball den Toscaireacht mar phointe faisnéise. Tá Theo Dorgan agus Michael Holohan ag déanamh athbhreithniú ar dhoiciméid nua sa Chartlann Náisiúnta ó Roinn an Taoisigh. Thairg Anne Haverty cúnamh leis seo.

Pléadh, in éineacht le hathbhreithniú a dhéanamh ar an lámhleabhar, go bhfuil gá le loga de rialacha agus rialacháin Aosdána. Rinneadh athruithe orthu seo thar na mblianta trí Bhuan-Orduithe ag Tionóil Ghinearálta éagsúla. Tá an Cláraitheoir chun na sonraí seo go léir a thiomsú i Leabhar Rialacha. Thairg Gerard Smyth agus Enda Wyley cuidiú le heagarthóireacht a dhéanamh air seo.

Cuireadh ceist maidir leis an bpróiseas a rinne an Toscaireacht tar éis Buan-Ordú a rith ag an Tionól Ginearálta. Tugadh le fios go bhfuil sé de dhualgas ar an Toscaireacht gníomhú ar an mBuan-Ordú agus a chinntiú go ndéantar é a chur i gcrích a mhéid is féidir.

Chuir Grainne Mulvey ceist faoi Bhuan-Ordú ag Tionól Ginearálta 2019:

“I bhfianaise an chostais mhaireachtála atá ag dul i méid, in éineacht leis na costais mhéadaitheacha a bhaineann le hobair a tháirgeadh agus go bhfuil luach Cnuas reoite le roinnt blianta, molaimid an tairseach incháilitheachta a ardú agus bunús an mheasúnaithe a athrú ó ollioncam go glanioncam”.

Tugadh le fios go raibh fócas an phlé ag an Tionól Ginearálta ar na Cnuas a dhíreo agus gur measadh go raibh an togra chun ioncam a mheas chun críocha Cnuas de réir glanioncaim seachas ollioncam neamh-inoibrithe.

Dúirt Theo Dorgan go gcaithfeadh duine a bheith ag obair go lánaimseartha ar dhéanamh ealaíne chun leas a bhaint as Cnuas.

Thug Anne Haverty le fios go raibh obair déanta maidir leis an gCnuas agus gur seoladh litir chuig Cathaoirleach nua na Comhairle Ealaíon, Kevin Rafter. Bhí cruinniú freisin idir Cathaoirleach na Toscaireachta agus Cathaoirleach na Comhairle Ealaíon agus go bhfuil sé seo fós mar chuid den phlé ag cruinnithe ghrúpa oibre Aosdána/na Comhairle Ealaíon.

Tionól Ginearálta 2020

Eiseoidh an Toscaireacht cuireadh chuig Kevin Rafter, Cathaoirleach na Comhairle Ealaíon, chun aitheasc a thabhairt ag an Tionól Ginearálta. Scríobhfaidh an Cathaoirleach an litir. D’fhéadfadh an t-aitheasc oscailte seo a bheith ar siúl ar feadh 10 nóiméad. Labhróidh an tOllamh Sarah Prescott, Príomhoide agus Déan Choláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí thar ceann COBÁC ag oscailt an Tionóil. Socraíodh gur chóir cuireadh a chur chuig Stiúrthóir nua na Comhairle Ealaíon, Maureen Kennelly. D’fhéadfadh sos caife ar maidin a bheith san áireamh sa Chlár Oibre tar éis an aithisc oscailte chun a deis a thabhairt don Chathaoirleach agus don Stiúrthóir nua bualadh le chéile agus le baill.

Thug an Cláraitheoir forbhreathnú ar an gcruinniú a tionóladh i COBÁC an 27 Feabhra agus ar an bhfáilte chroíuil ó COBÁC. Mhínigh Geraldine O'Reilly cén fáth nach féidir saothar ó bhailiúchán na Comhairle Ealaíon a chur ar taispeáint. Tá sin amhlaidh mar gheall ar chúiseanna lóistíochtúla agus srianta ama. Tá obair le baill Aosdána ann cheana féin i Halla O'Reilly ar comhréiteach maith é. Tá an fhéidearthacht ann freisin go mbeadh obair ag baill Aosdána a bhí ina alumni de COBÁC ar taispeáint i leath amháin den halla, mar go mbeidh an halla roinnte ina dhá leath. Seolfaidh Emer Beesley, Bainisteoir Margaíochta & Cumarsáide COBÁC, forbhreathnú ar chonair dhealbhóireachta COBÁC agus d’fhéadfadh go mbeadh obair le baill Aosdána ina measc seo.

Braitheadh go dtabharfadh an ócáid seo deis oiriúnach chun ómós a thabhairt don tSaoi Anthony Cronin, alumnus de chuid COBÁC, ag smaoineamh ar a ról mar phríomhthionscnóir i mbunú Aosdána. Socraíodh go roghnódh Anne Haverty dánta agus go léifeadh sí roinnt dánta le Anthony tar éis lóin, á gcur i láthair ag Theo Dorgan.

Tar éis na hócáide sin chuirfeadh Theo Dorgan i láthair an rannchuidiú ó Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta agus Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis, arna chomhordú ag John Brannigan

Pléadh an méid a rinne Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta agus Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis arna chomhordú ag John Brannigan. Socraíodh gurb é

an t-am is fearr chun é seo a dhéanamh ná díreach tar éis lóin agus sula bhfógrófaí na baill nua-thofa. Níor chóir go mbeadh sé níos faide ná 40 nóiméad. Mar gheall ar an ngá le ham le haghaidh Buan-Orduithe measadh gurb é an bealach is fearr le comhaltaí cruthaitheacha COBÁC a áireamh ná cuireadh a thabhairt dóibh freastal ar an seisiún tráthnóna poiblí. Is é an Tionól an t-aon chruinniú de bhaill Aosdána gach bliain agus dá réir sin measadh gur chóir go gcuirfí críoch leis le cruinniú sóisialta i gClub na hOllscoile seachas imeacht. Má bhíonn imeacht poiblí ar siúl ar an gcampas le Scríbhneoir Cónaithe Chomhairle Ealaíon COBÁC Colette Bryce is féidir baill a chur ar an eolas faoi seo agus freastal air más mian leo.

An Clárúitheoir chun an Clár Oibre a fhiosrú le COBÁC.

Vóta Disciplín

Léigh an Clárúitheoir torthaí na ballóide disciplín a bhí ar siúl an mhaidin sin. Is é an toradh atá air ná go rachaidh 16 as 22 ainmní ar aghaidh lena dtoghadh ag an Tionól Ginearálta. Tá 8 ainmní ann freisin ó 2019 a thabharfar ar aghaidh, rud a thugann 24 ainmní in iomlán don Tionól Ginearálta in 2020. Tugadh ar aird go raibh toradh dearfach ag an litir, a dréachtaíodh i gcomhairle leis an Toscaireacht, agus a d'eisigh an Clárúitheoir leis na páipéir vótála ballóide disciplín, le tuairisceáin ballóide suas 20% ar 2019.

Tugadh soiléiriú nach bhfuil aon teorainn leis an líon uaireanta is féidir duine a chur ar aghaidh lena ainmniú. Pléadh na critéir maidir le healaíontóir a ainmniú agus dúradh go dtagraíonn an ráiteas de réir an ghlaio ar ainmniúcháin mar seo a leanas *“cuireadh go mór leis na healaíona cruthaitheacha in Éirinn”* do rannchuidiú ealaíonta an ealaíontóra agus ní seirbhísí. Tugadh le fios go bhfuil grúpa oibre Aosdána/na Comhairle Ealaíon ag obair ar dhoiciméad chun gnóthachtáil ealaíonta ealaíontóra Aosdána a shoiléiriú do bhaill agus don phobal i gcoitinne agus go gcuideodh sé seo le baill, baill nua go háirithe, agus iad á n-ainmniú.

Grúpa Oibre Aosdána/na Comhairle Ealaíon

Dúirt Anne Haverty go bhfanadh sí ar Ghrúpa Oibre Aosdána/na Comhairle Ealaíon. Dúirt Theo Dorgan gur mhian leis é féin a chur ar aghaidh le haghaidh an ghrúpa oibre. Chuir Mary O'Donnell í féin ar aghaidh freisin. Níor oir dáta chruinniú an ghrúpa oibre do Mary O'Donnell agus mar thoradh air sin chuir Deirdre Kinahan í féin ar aghaidh don chruinniú seo. Pléadh go bhféadfadh an tríú ball seo rothlú. Cuirfidh an Clárúitheoir ainmneacha an ghrúpa oibre ar aghaidh agus seiceálfadh sé ar rothlú an tríú ball nó má éilíonn leanúnachas gurb é an duine céanna é.

Togra Oíche Chultúir

Pléadh litir Peter Sheridan chuig an Toscaireacht maidir leis an Oíche Chultúir. Tugadh le fios, toisc gur cleamhnacht seachas eagraíocht é Aosdána go bhfuil sé deacair *‘Imeacht Aosdána’* a bheith ann mar chuid den Oíche Chultúir agus go mbeadh sé níos oiriúnaí dá ndéanfaí billeáil air mar *‘Baill Aosdána d’Oíche Cultúir’*. Aontaíodh gurbh é seo an bealach is fearr chun tosaigh agus go ndéanfaí é seo a chur in iúl do Peter. Chuir Deirdre Kinahan in iúl go raibh sí toilteanach a bheith páirteach anseo.

Dáta an Chéad Chruinnithe Eile

Socraíodh dáta an chéad chruinnithe eile mar 11am - 1pm an 6 Bealtaine 2020.

Obair leantach:

- Tá an Cláráitheoir chun an lámhleabhar reatha a scaipeadh ar bhail na Toscaireachta.
- Tá an Cláráitheoir chun forbheathnú ar rialacha agus rialacháin uile Aosdána a thiomsú i Leabhar Rialacha agus fráma ama a oibriú amach chun é sin a dhéanamh.
- An Cathaoirleach le cuireadh a scríobh chuig Cathaoirleach na Comhairle Ealaíon, Kevin Rafter, chun aitheasc a thabhairt do Thionól Ginearálta 2020.
- An Cathaoirleach chun cuireadh a scríobh chuig Stiúrthóir na Comhairle Ealaíon, Maureen Kennelly, chun freastal ar an Tionól Ginearálta.
- An Cláráitheoir le leanúint ar aghaidh lena idirchaidreamh le COBÁC maidir leis an gClár Oibre don Tionól Ginearálta.
- Cuirfidh an Cláráitheoir ainmneacha an ghrúpa oibre ar aghaidh agus seiceálfaidh sé ar rothlú an tríú ball nó má éilíonn leanúnachas gurb é an duine céanna é.
- Deirdre Kinahan le freagra a thabhairt ar litir Peter Sheridan.